



An Clár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE) 2022/2023

A Thuismitheoir/A Chaomhnóir, a chara,

Tá sé an-tábhachtach go léifeá agus go dtuigfeá ábhar na litreach seo.

Ba mhaith leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY) fáilte a chur roimh do leanbh go dtí Clár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige 2022-2023. Beidh leanaí a saolaíodh idir 1 Eanáir 2018 agus 31 Nollaig 2019 incháilithe don bhliain réamhscoile 2022/2023 ECCE.

Chun do leanbh a chlárú don Chlár ECCE, beidh ar do Sholáthraí Faofa do shonraí a chur isteach trí chóras riaracháin TF na Luathbhlianta (LB) ar a dtugtar 'an Mol LB'. D'fhéadfadh do sholáthraí seirbhíse iarraidh ort 'foirm réamhchlárúcháin' a chomhlánú go dtí go mbeidh siad ábalta do shonraí a chur isteach ar an Mol LB.

Beifear ag lorg an t-eolas a leanas uait:

1. D'ainm agus ainm na seirbhíse réamhscoile a mbeidh do leanbh ag freastal uirthi.
2. Ainm iomlán do linbh mar aon lena d(h)áta breithe agus a (h)inscne mar a cláraíodh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí (DSP) nuair a bhí Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) á tabhairt do do leanbh. E.g. Ba chóir Tom a léamh mar Thomas más é Thomas an t-ainm a cláraíodh leis an DSP. UPSP do linbh. Tá UPSP do linbh le fáil ar cháipéisí a bhaineann le d'éileamh ar Shochar Linbh, nó is féidir teagmháil a dhéanamh leis an DSP ar: 1890-927-999 ar a ngearrfar an ráta do ghlaoch áitiúil. D'fhéadfadh sé go mbeidh cruthúnas ag teastáil ó do sholáthraí seirbhíse sula gcláraíonn siad do leanbh maidir lena (h)ainm iomlán, UPSP do linbh agus a d(h)áta breithe, mar má tá aon earráid ann, d'fhéadfaí moill a chur ar an íocaíocht. Tá sé tábhachtach go mbainfeá úsáid as an UPSP cheart agus nach mbainfeá úsáid as UPSP a bhaineann le ball eile den teaghlach.
3. An dáta tosaigh, an dáta deiridh agus líon iomlán na laethanta in aghaidh na seachtaine a bheidh do leanbh ag freastal ar ECCE mar a comhaontaíodh le do Sholáthraí Faofa.

Ag tosú ar 4 Iúil 2022, beidh do Sholáthraí Faofa ábalta an t-eolas seo a chur isteach ar an Mol LB chun críocha clárúcháin agus riaracháin. Nuair a bheidh an próiseas seo críochnaithe, priontálfaidh an Soláthraí Faofa dhá chóip d'fhoirm ar a dtugtar 'An Fhoirm



Dhearbhaithe Tuismitheora'. Iarrimid ort an dá Fhoirm Dhearbhaithe Tuismitheora a shíniú agus dáta a chur leo. Coimeád cóip amháin duit féin agus deimhnigh go bhfuil na sonraí ann ceart. Coimeádfaidh do Sholáthraí Faofa an chóip eile ar taifead chun go mbeifear ábalta scrúdú a dhéanamh uirthi le linn cuairteanna comhlíonta ón Roinn nó ó ghníomhairí de chuid na Roinne.

Don chlár 2022/2023, glacfaidh DCEDIY le hadmháil ón tuismitheoir/gcaomhnóir ábhartha, ar ríomhphost nó i gcóip chrua, go bhfuarthas na cáipéisí cuí, pé rud is fearr a oireann don Soláthraí Faofa agus don tuismitheoir/chaomhnóir. Ba chóir go dtabharfaí an rogha do thuismitheoirí/chaomhnóirí úsáid a bhaint as ríomhphost. Do na tuismitheoirí/caomhnóirí ar mian leo úsáid a bhaint as ríomhphost, tugtar an chomhairle dóibh gur rogha é seo nach bhfuil lánsábhailte maidir le cosaint sonraí.

Tá sé tábhachtach go dtabharfá an méid a leanas do d'aire:

- Ní mór ECCE a sholáthar saor in aisce ar feadh 3 uair an chloig in aghaidh an lae, 5 lá sa tseachtain ar feadh 182 lá chun go bhfaighidh Soláthraithe Faofa caipitíocht ón DCEDIY. Ní sé ceadaithe ag Seirbhísí táillí a éileamh uait don ECCE i gcás ar bith, lena n-áirítear éarlais a bhaineann le seirbhísí roghnacha breise,
- Faoi na hAchtana um Stádas Comhionann 2000 – 2015, ní mór do sheirbhísí atá ag glacadh páirte, freastal réasúnta a sholáthar do leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu. Má tá sainriachtanas ag do leanbh, logáil isteach i suíomh gréasáin DCEDIY le haghaidh eolais faoin tSamhail Rochtana agus Ionchuimsithe (AIM) www.aim.gov.ie.
- Ní cóir do thuismitheoirí/chaomhnóirí íoc as síntiúis ar bith eile anuas ar na rudaí atá i liosta táillí na seirbhísí. Ar an gClár ECCE ní cheadaítear síntiúis dheonacha.
- Mura fhreastalaíonn do leanbh ar an gclár ECCE laistigh de cheithre seachtaine ón dáta tosaigh atá acu, cuirfear an clárú ar ceal láithreach.
- Má eisíonn Tusla fógra don Soláthraí Faofa ina gcuirtear in iúl dóibh go mbeidh siad á mbaint den chlár, tá tuismitheoir/caomhnóir i dteideal a p(h)áiste a bhaint den tseirbhís agus an leanbh a athchlárú i seirbhís nua gan iallach a bheith orthu an gnáth-thréimhse fógra de cheithre seachtaine a chomhlíonadh.
- Is féidir an cháipéis Rialacha don Chlár ECCE 2022/2023 a íoslódáil ó shuíomh gréasáin DCEDIY ag www.gov.ie. Má tá aon cheist agat faoin bpróiseas seo, déan teagmháil le do Choiste Contae/Cathrach Áitiúil i gCúram Leanaí. Tá sonraí teagmhála do choiste áitiúil le fáil ag www.myccc.ie.



Guímid gach rath ort féin agus ar do theaghlach don bhliain atá romhainn.

Maoirseacht ar an Scéim Luathbhlianta

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

Iúil 2022